Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Plain English
Approved by NALA

# Foirm Iarratais

# Deontas um Oiriúnú Tithe do Sheanóirí agus do Dhaoine faoi Mhíchumas

## Faoin bhfoirm seo

Ba mhaith linn cabhrú leat iarratas a chur isteach ar an deontas nó ar na deontais atá ag teastáil uait ag baint úsáide as an bhfoirm seo. Chun é seo a dhéanamh, inseoimid duit ar dtús faoi cheithre rud:

**a) Na deontais is féidir leat cur isteach orthu ag baint úsáide as an bhfoirm seo;**

**b) Na riachtanais atá ann chun na deontais a fháil;**

**c) Seicliosta le haghaidh doiciméad atá le seoladh leis an bhfoirm seo;**

**d) Cén áit ar chóir duit an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh.**

Is fiú an fhoirm seo a léamh go cúramach roimh a líonnann tú isteach í. Cén fáth? Mar sábháilfaidh tú am agus cabhróidh sé linn d'iarratas a phróiseáil níos tapúla. Is féidir leat an fhoirm a líonadh isteach tú féin nó cabhair a fháil ó dhuine a bhfuil aithne agat orthu agus muinín agat astu a líonfaidh an fhoirm seo isteach duit. Beidh ortsa, áfach, í a shíniú agus a dhearbhú go bhfuil an t-eolas go léir inti ceart agus fíor ar lch 19.

**Ceisteanna?** Má tá ceist agat féin nó ag an té atá ag cabhrú leat an fhoirm seo a líonadh isteach, déan teagmháil le d'údarás áitiúil agus cabhróidh siad leat.

## a) Deontais ar féidir leat cur isteach orthu ag baint úsáide as an bhfoirm seo

Tá trí dheontas ar fáil do sheanóirí agus do dhaoine faoi mhíchumas chun cabhrú leo a dteach a dhéanamh níos sábháilte agus níos éasca bogadh timpeall ann. Is iad na deontais ná:

1. **Deontas um Oiriúnú Tithe do Dhaoine faoi Mhíchumas** (lch 3-4)
2. **Deontas Áiseanna Soghluaiseachta** (lch 5)
3. **Deontas Cúnaimh Tithíochta do Sheanóirí** (lch 6-7)

## b) Riachtanais chun an deontas a fháil

Ní mór don duine atá chun an deontas a fháil:

- Faomhadh a fháil don iarratas ar dheontas sula dtosófaí ar an obair sa teach;
- Bheith ina chónaí sa teach nuair a chuirfear críoch leis an obair;
- Ord and eagar a bheith ar a chúrsaí cánach;
- Deimhniú Imréitigh Cánach a bheith acu má tá níos **mó ná** €10,000 ar luach an deontais;
- Taispeán go bhfuil Cáin Mhaoine Áitiúil in ord.

## c) Seicliosta le haghaidh doiciméad atá le seoladh leis an bhfoirm.

Chun go mbeidh sé níos éasca duit na doiciméid go léir a fheiceáil atá le seoladh leis an bhfoirm seo, tá **seicliosta** ar lch 20. Cuimhnigh nach mór duit cruthúnas ar d'ioncam a sheoladh chun go bhfeicfí méid an deontais is féidir leat a fháil. Le haghaidh deontais **1** agus **2** beidh ar dhochtúir an chuid a bhaineann le Teastas Dochtúra a líonadh isteach ar lch 17-18. Léigh an seicliosta seo – b'fhearr é a léamh roimh tosú ar an bhfoirm a líonadh amach – **agus** déan cinnte de go seolann tú gach doiciméad in éineacht leis an bhfoirm iarratais chomhlánaithe.

## d) Cén áit ar chóir duit an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh

Ní mór duit iarratas a chur isteach go dtí **d'údarás áitiúil** ag baint úsíáde an fhoirm seo le haghaidh aon cheann de na deontais seo. Is féidir leat an fhoirm seo a líonadh isteach uair amháin agus í a úsáid chun cur isteach ar níos mó ná deontas amháin. Má tá aon cheist agat, téigh i dteagmháil le d'údarás áitiúil agus cabhróidh siad leat.

An Oifig Tithíochta, Béal Átha na Muice: (094) 9251495
Oifigí Cheantar Bardasach Bhéal an Átha: (096) 76100
Oifigí Cheantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris: 094) 9372310
Oifig Tithíochta Bhaile an Róba: (094) 9541111
Oifigí Cheantar Bardasach Iarthar: (097) 81004
Oifig Tithíochta Chathair na Mart: (098) 50400
Oifig Cheantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh: 094 9024444

# 1 Deontas um Oiriúnú Tithe do Dhaoine faoi Mhíchumas

## Cé dó an deontas seo?

Tá an deontas seo le haghaidh daoine atá faoi mhíchumas fisiciúil, céadfach, meabhrach nó intleachta. Tá sé ann le haghaidh athruithe móra is gá duit a dhéanamh i do theach.

## Cén saghas ruda atá i gceist leis an deontas seo?

D'fhéadfadh do theach cáiliú don deontas seo **má** tá na rudaí seo a leanas fíor:

- Tá an teach faoi únéireacht phríobháideach (is leatsa é nó le do chlann);
- Tá an teach ar cíos ó thiarna talún, agus is féidir leat comhaontú tionóntachta a sholáthar atá cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB), **agus** tá cead tugtha ag an tiarna talún na hathruithe a dhéanamh;
- Chuir Comhlacht Ceadaithe Tithíochta an teach ar fáil (tá liosta de Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta le fáil ag www.housing.gov.ie);
- Is teach cónaithe comhroinnte é- cóiríocht ina bhfuil daoine ina gcónaí le chéile i dtithe grúpaí.

## Cén saghas ruda atá i gceist leis an deontas seo?

Is féidir leat an deontas seo a úsáid chun feabhas a chur ar an rochtain i do theach trí na rudaí seo a chur isteach ann:

- rampa rochtan nó bealaí eile chun dul isteach sa teach;
- greimráillí;
- áiseanna seomra folctha cosúil le cithfholcadán inrochtana, leithreas thíos staighre;
- cathaoir staighre;
- spás le haghaidh rochtain do chathaoireacha rothaí;
- síneadh (de ghnáth ar seomra leapa agus/nó seomra folctha le haghaidh duine faoi mhíchumas).

## Measúnú ó Theiripeoir saothair

Beidh ar theiripeoir saothair measúnú a dhéanamh ort má tá tú ag cur isteach ar aon cheann de na rudaí seo a leanas:

- Athrú mór ar an úsáid a bhainfear as seomra i do theach;
- Cathaoir staighre;
- Síneadh.

Déantar é seo chun cinnte a dhéanamh de go ndéanfar an obair cheart i do theach chun freastal ar na riachtanais atá agat.

**Más amhlaidh go ndearna** teiripeoir saothair ón FSS measúnú ort le déanaí, tabharfaidh siad cóip duit den mheasúnú chun é a chur leis an bhfoirm chomhlánaithe seo.

Is féidir leat an measúnu seo a fháil freisin ó theiripeoir saothair príobháideach. Má éiríonn le d'iarratas ar dheontas, íocfaidh an t-údarás áitiúil suas go €250 de chostas an mheasúnaithe seo mar chuid den deontas.

**Mura ndearna** teiripeoir saothaoir measúnú ort, is féidir leis an údarás áitiúil é sin a shocrú duit nuair a bheidh d'iarratas faighte.

## Cad é méid an deontais?

Braitheann sé. Clúdaíonn an deontas **roinnt** den obair atá riachtanach ach ní chlúdaíonn sé an obair go léir. Braitheann an méid airgid a gheobhaidh tú ar d'ioncam teaghlaigh. Ní mór duit an t-eolas seo a sholáthar ar an bhfoirm seo ag lch 14. Tá roinnt liúntais ann ar féidir iad a bhaint de d'ioncam teaghlaigh. Míneoimid iad seo ar lch 8.

Is é an **t-uasmhéid** ar féidir leat a fháil ná €30,000 nó 95% de chostas iomlan na hoibre atá faofa ag an údarás áitiúil (pé acu is lú).

**Nóta:** Níl deontas ar fáil má tá ioncam teaghlaigh níos mó ná €60,000 ann, tar éis na liúntais seo agus na neamhairde a chur i bhfeidhm.

Má thuileann tusa agus na daoine ata i do theaghlach €60,000 nó níos lú, tar éis na liúntais seo a bhaint, is féidir leat an tábla thíos a léamh chun an t-eolas iomlán a fheiceáil maidir le méid an deontais ar féidir leat a fháil.

| Ioncam teaghlaigh bliantúil | Céadtadán den chostas | Uasmhéid deontais do thithe a tógadh níos mó ná 12 mhí ó shin | Uasmhéid deontais do thithe a tógadh laistigh den 12 mhí atá díreach thart |
|---|---|---|---|
| Suas go €30,000 | 95% | €30,000 | €14,500 |
| €30,001 - €35,000 | 85% | €25,500 | €12,325 |
| €35,001 - €40,000 | 75% | €22,500 | €10,875 |
| €40,001 - €50,000 | 50% | €15,000 | €7,250 |
| €50,001 - €60,000 | 30% | €9,000 | €4,350 |
| Os cionn €60,000 | Níl aon deontas le híoc | Níl aon deontas le híoc | Níl aon deontas le híoc |

## Rudaí nach gclúdaíonn an deontas

Ní chlúdóidh an deontas costais CBL na hoibre. Is féidir leat an CBL a éileamh ó na Coimisinéirí Ioncaim nuair a bheidh an obair íoctha agat (féach ar www.revenue.ie le haghaidh tuilleadh eolais).

### Sampla

Má tá ioncam teaghlaigh de €45,000 agat tar éis na liúntais seo a bhaint agus tógadh do theach níos mó ná bliain ó shin, gheobhaidh tú deontas ar 50% de chostas na hoibre agus beidh uasmhéid de €15,000 ar an obair sin. Ciallaíonn sé sin má chosnaíonn an obair ar an teach €32,000 **gan CBL a áireamh**, ní chlúdóidh an deontas ach €15,000 agus ní €16,000. Is féidir leat ansin CBL de €4,320 a éileamh ar ais (32,000 x 13.5%) ó na Coimisinéirí Ioncaim.

# 2 Deontas Áiseanna Soghluaiseachta

## Cé dó an deontas seor?

Tá an deontas seo ann do sheanóirí **agus/nó** do dhaoine faoi mhíchumas a bhfuil deacracht acu bogadh timpeall an tí de bharr fadbhana soghluiseachta.

## Cén saghas tí atá i gceist leis an deontas seo?

D'fhéadfadh do theach cáiliú don deontas seo **má** tá na rudaí seo a leanas fíor:

- Tá an teach faoi únéireacht phríobháideach (is leatsa é nó le do chlann);
- Tá an teach ar cíos ó thiarna talún agus tá comhaontú tionóntachta reatha ann, **agus** tá cead tugtha ag an tiarna talún na hathruithe a dhéanamh;
- Chuir Comhlacht Ceadaithe Tithíochta an teach ar fáil (tá liosta de Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta le fáil ag www.housing.gov.ie);
- Is teach cónaithe comhroinnte é- cóiríocht ina bhfuil daoine ina gcónaí le chéile i dtithe grúpaí.

## Cad is féidir liom a dhéanamh leis an deontas seo?

Is féidir leat an deontas seo a úsáid chun feabhas a chur ar an rochtain i do theach trí na rudaí seo a chur isteach ann:

- greimráillí;
- rampa;
- cithfholcadán inrochtana;
- cathaoir staighre.

## Measúnú ó Theiripeoir saothair

**Má** rinne teiripeoir saothair ón FSS measúnú ort le déanaí, tabharfaidh siad cóip den mheasúnú duit chun é a chur leis an bhfoirm chomhlánaithe seo.

Is féidir leat an measúnu seo a fháil freisin ó theiripeoir saothair príobháideach. Má éiríonn le d'iarratas ar dheontas, íocfaidh an t-údarás áitiúil suas go dtí €250 de chostas an mheasúnaithe seo mar chuid den deontas.

**Mura ndearna** teiripeoir saothaoir  measúnú ort, is féidir leis an údarás áitiúil é sin a shocrú duit nuair a bheidh d'iarratas faighte.

## Cad é méid an deontais?

Braitheann sé. Is é an **t-uasmhéid** ar féidir leat a fháil ná €6,000 nó costas iomlán na hoibre atá faofa ag an údarás áitiúil (pé acu is lú). D'fhéadfadh sé go clúdóidh an deontas seo 100% de chostas na hoibre, suas go dtí uasmhéid de €6,000.

Tá roinnt neamhairde agus liúntais a d'fhéadfadh an t-ioncam teaghlaigh a laghdú agus a chuireann d'údarás áitiúil san áireamh. Tá míniú tugtha orthu siúd ar lch 8.

**Nóta:** Níl deontas ar fáil má tá ioncam an teaghlaigh don bhliain cánach roimhe sin níos mó ná €30,000 nuair a chuirtear na neamhairde agus na liúntais i bhfeidhm.

## Cad nach bhfuil clúdaithe sa deontas

Ní chlúdóidh an deontas costais CBL na hoibre. Is féidir leat an CBL a éileamh ar ais ó na Coimisinéirí Ioncaim nuair a bheidh an obair íoctha agat. (féach ar www.revenue.ie le haghaidh tuilleadh eolais)

# 3 Deontas Cúnaimh Tithíochta do Sheanóirí

## Cé dó an deontas seo?

Ta an deontas seo ann do dhaoine 66 bliain d'aois nó níos mó chun deisúcháin riachtanacha a dhéanamh, ionas go mbeidh siad ábalta leanúint orthu ag cónaí ina dtithe féin. Uaireanta tugann údaráis áitiúla deontas do dhaoine atá faoi bhun 66 bliain d'aois, ach ní tharlaíonn sé seo ach amháin i gcásanna cruatain.

## Cén saghas tí atá i gceist leis an deontas seo?

Teach atá faoi úneireacht phríobháideach agus:

- ar leis an seanóir é; nó
- go bhfuil an ceart ag an seanóir cónaí sa teach ina ndéanfar an obair (ceart cónaithe).

## Cad is féidir liom a dhéanamh leis an deontas seo?

Is féidir leat an deontas seo a úsáid chun deisiúcháin riachtanacha a dhéanamh , mar shampla:

- chun cabhrú an díon a dheisiú nó ceann nua a chur suas;
- an sreangú leictreach a uasghrádú;
- doirse agus fuinneoga a dheisiú nó cinn nua a chur isteach;
- teas lárnach a sholáthar (áit nach bhfuil aon teas lárnach ann nó má tá sé briste agus ní féidir é a dheisiú go heacnamaíoch).

## Riachtanais speisialta don deontas seo

Ní gá duit aon **doiciméad dochtúra** a chur ar fáil, mar tá sé bunaithe ar bhail do thigh, **agus** cé chomh práinneach is gá na deisiúcháin a dhéanamh. **É sin ráite**, má tá práinn ag baint le d'iarratas de bharr faidbhe sláinte, beidh ort an mhír Teastas Dochtúra den fhoirm seo a líonadh isteach ar lch 17-18.

| Más gá: | Beidh ort litir nó tuairisc a chur chuig d'údarás áitiúil... |
|---|---|
| **1 Díon nua a chur in áit an tseandín** | ... **litir** ón do chomhlacht árachais ina bhfuil sé ráite nach gclúdaíonn do pholasaí na deisiúcháin. |
| **2 An sreangú leictreach a uasghrádú** | ... **tuairisc** ó leictreoir a chuireann síos ar na deisiúcháin atá riachtanach. Ní mór don leictreoir seo a bheith cláraithe le Clár Chonraitheoirí Leictreachais na hÉireann. |
| **3 An córas teasa lárnach atá ann anois a uasghrádú** | ... **tuairisc** ó chonraitheoir teasa ina bhfuile sé ráite nach féidir an córas teasa reatha a dheisiú go heacnamaíoch. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil sé cost-éifeachtúil é a dheisiú agus gurbh fhearr córas nua a chur isteach. |

## Cad é méid an deontais?

Braitheann sé. Clúdaíonn an deontas **roinnt** de chostais na hoibre ach ní chlúdaíonn sé an obair go léir. Braitheann an méid airgid a gheobhaidh tú ar d'ioncam teaghlaigh don bhliain cánach roimh sin. Ní mór an t-eolas seo a sholáthar ar an bhfoirm seo ar lch 14. Tá roinnt neamhairde agus liúntais ann a d'fhéadfadh an t-ioncam teaghlaigh a laghdú agus a chuireann d' údarás áitiúil san áireamh. Tá míniú tugtha orthu siúd ar lch 8.

Is é an t-uasmhéid is féidir a fháil ná €8,000 **nó** 95% de chostas iomlán na hoibre atá faofa ag d'údarás áitiúil (pé acu is lú). **Is féidir** an deontas seo a chur chuig costas iomlán na hoibre agus CBL curtha san áireamh.

**Nóta:** Níl deontas ar fáil má tá ioncam an teaghlaigh níos mó ná €60,000 nuair a chuirtear na liúntais i bhfeidhm.

Má thuileann tusa agus na daoine atá i do theaghlach €60,000 nó níos lú, tar éis na neamhairde agus na liúntais a chur i bhfeidhm, is féidir leat an tábla thíos a léamh chun an t-eolas iomlán a fheiceáil maidir le méid an deontais ar féidir leat a fháil.

| Ioncam teaghlaigh bliantúil | Céatadán na gcostas | Uasmhéid an deontais |
|---|---|---|
| Suas go €30,000 | 95% | €8,000 |
| €30,001 - €35,000 | 85% | €6,800 |
| €35,001 - €40,000 | 75% | €6,000 |
| €40,001 - €50,000 | 50% | €4,000 |
| €50,001 - €60,000 | 30% | €2,400 |
| Os cionn €60,000 | Níl aon deontas le híoc | Níl aon deontas le híoc |

### Sampla

Má tá ioncam teaghlaigh de €45,000 agat tar éis na liúntais a bhaint, gheobhaidh tú deontas ar 50% de chostas na hoibre agus beidh uasmhéid de €4,000 ar an obair sin. Ciallaíonn sé sin má chosnaíonn an obair ar an teach €10,000 **agus CBL** curtha san áireamh, ní chlúdóidh an deontas ach €4,000 agus ní €5,000.

# Eolas tábhachtach maidir le hioncam

## Cén tionchar a bheidh ag d'ioncam teaghlaigh ar mhéid an deontais

Má éiríonn le d'iarratas, braithfidh méid an deontais a gheobhaidh tú ar an ioncam teaghlaigh a bhí agat don bhliain cánach roimh sin. Agus an méid á ríomh ag d'údarás áitiúil, cuirfidh siad san áireamh:

**a)** an t-airgead a thuill na daoine atá ina gcónaí sa teach atá 18 mbliana d'aois nó níos sine **ach amháin** iad siúd atá in oideachas lánaimseartha atá faoi bhun 23 bliana d'aois; **agus**

**b)** ioncam an úinéara réadmhaoine cláraithe (agus céile, más ann nó nó di) mura bhfuil do theach:

- Ar cíos ó thiarna talún, agus is féidir leat comhaontú tionóntachta a sholáthar atá cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB); **nó**
- Chuir Comhlacht Ceadaithe Tithíochta an teach ar fáil (tá liosta de Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta le fáil ag www.housing.gov.ie);
- Is teach cónaithe comhroinnte é- cóiríocht ina bhfuil daoine ina gcónaí le chéile i dtithe grúpaí.

## Eolas ar Neamhairde

Tá roinnt íocaíochtaí ann ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS) nach gcuirtear san áireamh nuair athár ag ríomh d'ioncam teaghlaigh. Neamhairde a thugtar orthu siúd agus áirítear leo:

- **Sochar/Liúntas Cúramóra**
- **Deontas Tacaíochta do Chúramóirí**
- **Sochar Linbh**
- **Liúntas Chúram Tí**
- **Deontas Chúram Altrama**
- **Liúntas Breosla**
- **Pacáiste Sochair Teaghlaigh**
- **Liúntas Maireachtála Aonair**
- **Íocaíocht Teaghlaigh Oibre**

## Eolas ar Asbhaintí

Tá dhá saghas asbhaint ann a laghdaíonn méid an ioncaim teaghlaigh a chuireann d'údarás áitiúil san áireamh. Áirítear leo:

1. **Tá asbhaint de €5,000 i bhfeidhm do gach ball teaghlaigh atá**
   - Faoi bhun 18 bliain d'aois; **nó**
   - Faoi bhun 23 bliain d'aois má tá siad in oideachas lánaimseartha nó ag déanamh printíseachta SOLAS (tugadh FÁS air roimhe seo).
2. **Asbhaint de €5,000 má tá gaol i mbun cúraim go lánaimseartha don duine atá ag cur isteach ar an deontas.**

# Sampla:

## Teaghlach a bhfuil ioncam teaghlaigh €45,000 sa bhliain acu

Seo sampla de conas a théann na neamhairde agus na hasbhaintí i bhfeidhm ar theaghlach

Tá ioncam teaghlaigh ag Muintir Uí Riain don bhliain cánach roimhe sin de €45,000, agus tá sochar linbh de €1,680 san áireamh leis seo.

**Cad iad na rudaí a dhéanann an t-údarás áitiúil neamhaird orthu**

a) Déanfaidh an t-údarás áitiúil neamhaird den sochar linbh (ní chuirfidh sé san áireamh) de €1,680 nuair atá sé ag ríomh cé mhéad den deontas a íocfar le Muintir Uí Riain.

   Laghdaítear an t-ioncam teaghlaigh a chuireann an t-údarás áitiúil san áireamh go dtí **€43,320**. (Seo hí an chúis: €45,000 - €1,680 = €43,320)

**Asbhaintí**

b) Tá mac amháin ag Muintir Uí Riain atá 12 bliain d'aois atá sa bhunscoil agus iníon atá 20 blain d'aois agus in oideachas lánaimseartha. Tá asbhaint de €5,000 le haghaidh **gach ceann** de na cleithiúnaithe seo, is é sin €10,000.

   Anois is é an méid ioncam teaghlaigh a chuirfidh an t-údarás áitiúil san áireamh ná **€33,320**. (Seo hí an chúis: €43,320 - €10,000 = €33,320)

c) Tá gaol ann freisin i mbun cúraim lánaimseartha don duine atá ag cur isteach ar an deontas. Ciallaíonn sé sin go bhfuil asbhaint eile ann de €5,000 ón ioncam teaghlaigh iomlán.

   Anois is é an méid ioncam teaghlaigh a chuirfidh an t-údarás áitiúil san áireamh ná **€28,320** (Seo hí an chúis: €33,320 - €5,000 = €28,320)

**Ioncam deiridh a chuirtear san áireamh**

Is é an t-ioncam deiridh a chuirfidh an t-údarás áitiúil san áireamh ná **€28,320** nuair a bheidh an deontas á bhronnadh acu. Ciallaíonn sé sin go mbeidh an teaghlach seo ábalta an deontas is airde a fháil

# Foirm Iarratais

**Le do thoil, cuir tic sa bhosca ✓ in aice leis an deontas ar mhaith leat cur isteach air. Mura bhfuil a fhios agat cé acu de na deontais ar chóir duit cur isteach air, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le d'údarás áitiúil chun cabhair a fháil.**

**Is féidir leat an fhoirm seo a úsáid chun cur isteach ar níos mó ná deontas amháin ag an am céanna.**

**Bí cinnte go gcuireann tú an t-eolas agus na doiciméid go léir isteach atá riachtanach don iarratas.**

| | |
|---|---|
| Deontas um Oiriúnú Tithe do Dhaoine faoi Mhíchumas | ☐ |
| Deontas Áiseanna Soghluaiseachta | ☐ |
| Deontas Cúnaimh Tithíochta do Sheanóirí | ☐ |

**Freagair gach ceist agus bain úsáid as CEANNLITREACHA le do thoil.**

## Sonraí an té atá ag líonadh isteach an fhoirm iarratais seo

Ainm

Seoladh

Éirchód

Dáta breithe DD/MM/YYYY

Uimhir PSP

Seoladh ríomhphoist

Uimhir ghutháin

## Sonraí an té atá ag comhlánú an fhoirm iarratais seo

(má tá sé difriúil ó na sonraí thuas)

Ainm

Seoladh

Éirchód

Seoladh ríomhphoist

Uimhir ghutháin

Gaolmhaireacht leis an duine atá ag cur isteach ar an deontas

Cuir tic sa bhosca más amhlaidh gur íocadh aon cheann de na deontais seo don **teach** nó don **duine** céanna

- ☐ Deontas um Oiriúnú Tithe do Dhaoine faoi Mhíchumas
- ☐ Deontas Áiseanna Soghluaiseachta
- ☐ Deontas Cúnaimh Tithíochta do Sheanóirí

Is a relative caring full-time for the person who the grant is for? **Tá** ☐ **Níl** ☐

## Más ea, tabhair sonraí maidir leis an ngaol sin

Ainm

Gaolmhaireacht leis an duine atá ag cur isteach ar an deontas

## Sonraí maidir leis an teach ina ndéanfar an obair

Ainm an Úinéara ☐

Seoladh an tí ina ndéanfar an obair ☐

Éirchód ☐

Cén fhad a bhfuil an duine atá ag cur isteach ar an deontas ina chónaí anseo? ☐

An mbeidh an duine atá ag cur isteach ar an deontas ina chónaí anseo nuair a bheidh an obair críochnaithe?
**Is coinníoll den deontas é seo.** ☐ **Beidh** ☐ **Ní bheidh**

Cé leis an teach?
☐ Is leatsa nó le do chlann é
☐ Tiarna talún nó or Comhlacht Ceadaithe Tithíochta
☐ An tÚdarás Áitiúil

Cuir tic sa bhosca is fearr a chuireann síos ar an teach.
☐ Scoite ☐ Leathscoite
☐ Teachsraithe ☐ Árasán

Ar tógadh an teach sa 12 mhí atá díreach thart? ☐ **Tá** ☐ **Níl**

An bhfuil an teach cáin-chomhlíontach leis an gCáin Mhaoine Áitiúil? ☐ **Tá** ☐ **Níl**

Beidh ort cruthúnas a sheoladh go dtí d'údarás áiltiúil go bhfuil an Cháin Mhaoine Áitiúil suas chun dáta i leith an tí ina ndéanfar an obair. Is féidir leat litir a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim nó do thaifead ar líne a phriontáil. Beidh le feiceáil ann

- go bhfuil an cháin seo íoctha agat ; **nó**
- iarchur (íocfaidh tú an Cháin Mhaoine Áitiúil níos déanaí); **nó**
- díolúine ón gCáin Mhaoine Áitiúil.

Inis dúinn, le do thoil, cé mhéad seomra difriúil atá sa teach:

| | Seomraí leapa | Seomraí folctha | Seomraí suí | Seomraí bia | Cistin | Eile |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Thuas staighre | | | | | | |
| Thíos staighre | | | | | | |

**Ba chóir duit comhairle ghairmiúil a fháil sula líonann tú isteach an chéad mhír eile.**

| **Scríobh liosta den obair ar mian leat go ndéanfaí í i do theach** |
|---|
| |

Cé mhéad is dóigh leat a chosnóidh an obair agus CBL san áireamh? | € |

An féidir leat íoc as aon chostas breise nach bhfuil clúdaithe ag an deontas? ☐ **Is féidir** ☐ **Ní féidir**

**Ní mór d'úinéirí tí a bheith ar an eolas faoina bhfreagrachtaí faoi Rialacháin Sábháilteachta agus Sláinte ag an Obair (Tógáil) 2013 (féach ar www.hsa.ie le haghaidh tuilleadh eolais).**

**Má cheadaítear do dheontas agus mura bhfuil na rudaí seo suiteáile agat cheana féin, beidh ort iad a shuiteáil:**

- ar a laghad dhá aláram deataigh/teasa – glanscartha agus le cadhnra 10 mbliana;
- brathadóir aonocsaíd charbóin má bhaineann tú úsáid as córas teasa iontaise cosúil le gás nó gual. Ní mór don bhrathadóir aonocsaíd charbóin an caighdeán a chomhlíonadh – EN 50291 (marcáilte ar an mbosca).

| Cé mhéad aláraim atá suiteáilte cheana féin sa teach ina ndéanfar an obair? | | |
|---|---|---|
| | Aláraim deataigh/teasa | |
| | Brathadóirí aonocsaíd charbóin | |

# Sonraí ioncaim mhuintir an teaghlaigh

Sa tábla thíos, cuir isteach na sonraí ioncaim don bhliain cánach roimhe seo de

**a)** all daoine atá ina gcónaí sa teach atá 18 mbliana d'aois nó níos sine **ach amháin** iad siúd atá in oideachas lánaimseartha atá faoi bhun 23 bliana d'aois; **agus**

**b)** úinéir cláraithe réadmhaoine (agus céile má bhaineann sé le hábhar) mura bhfuil do theach:

- Ar cíos ó thiarna talún, agus is féidir leat comhaontú tionóntachta a sholáthar atá cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB) **nó**
- Chuir Comhlacht Ceadaithe Tithíochta an teach ar fáil (tá liosta de Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta le fáil ag www.housing.gov.ie);
- Is teach cónaithe comhroinnte é- cóiríocht ina bhfuil daoine ina gcónaí le chéile i dtithe grúpaí

## Cuir isteach freisin an duine atá ag cur isteach ar an deontas (má bhaineann sé le hábhar). .

| **Ainm** | **Gaolmhaireacht leis an duine atá ag cur isteach ar an deontas** | **Dáta breithe** **LL/MM/BBBB** | **Uimhir PSP** | **Ioncam incháinithe** (airgead tuillte) ón bhliain cánach roimhe sin |
|---|---|---|---|---|
| | | | | € |
| | | | | € |
| | | | | € |
| | | | | € |
| | | | | € |

# Sonraí na gcleithiúnaithe sa teaghlach:

Sa tábla thíos, tabhair sonraí, le do thoil, de gach cleithiúnach atá ina chónaí sa teach atá:

- 18 bliain d'aois nó níos sine; **nó**
- Faoi bhun 23 bliain d'aois má tá siad in oideachas lánaimseartha nó ag déanamh printíseachta SOLAS (tugadh FÁS air roimhe seo).

Cuir isteach freisin an duine atá ag cur isteach ar an deontas (má bhaineann sé le hábhar).

| **Ainm** | **Gaolmhaireacht leis an duine atá ag cur isteach ar an deontas** | **Dáta breithe**<br>LL/MM/BBBB | **Ainm scoile nó coláiste** (má bhaineann sé le hábhar) |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

# Sonraí maidir le d'ioncam

Nuair atá tú ag cur isteach ar dheontas, **ní mór duit** cruthúnas a sheoladh de d'ioncam teaghlaigh don bhliain cánach roimhe sin in éineacht le d'iarratas. Déanfaimid cur síos anois ar cad iad na doiciméid is gá a sheoladh go dtí d'údarás áiltiúil bunaithe ar cheithre sórt ioncaim.

## 1. Oibrithe ÍMAT

Le do thoil, cuir isteach Ráiteas Deireadh Bliana (P21) don bhliain cánach roimhe sin. Is féidir leat do Ráiteas Deireadh Bliana (P21) a fheiceáil ar líne agus é a phriontáil. Beidh ort cuntas a chruthú ar dtús ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim (www.revenue.ie).

Chun clárú, ní mór do gach iarratasóir na rudaí seo a bheith aige nó aici:

- Uimhir PSP;
- Dáta breithe;
- Uimhir fón póca nó uimhir líne talún;
- seoltaí: baile agus ríomhphoist.

**Níl aon ríomhphost agat?** Mura bhfuil rochtain agat ar ríomhphost nó ar an idirlíon, cur glaoch ar 1890 306 706 agus iarr orthu "Foirm 12 Tuairisceáin Ioncaim" a chur go dtí do sheoladh. Beidh ort an fhoirm seo a chomhlánú agus í a chur ar ais go dtí oifig áitiúil na gCoimisinéirí Ioncaim chun Ráiteas Deireadh Bliana a fháil (P21).

## 2. Daoine féinmheasúnú/féinfhostaithe

Cuir isteach cóip, le do thoil, de "Féinmheasúnú – Caibidil 4 de Chuid 41A TCA 1997 Measúnú Cánach Ioncaim".

Seolann na Coimisinéirí Ioncaim an doiciméad seo chugat nuair a chuireann tú "Foirm 11 Tuairisceáin Ioncaim" chucu, ar líne ag www.ros.ie nó trí leagan páipéir den fhoirm a chur chuig d'oifig cánach áitiúil.

## 3. Daoine a fhaigheann ioncam ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta (RGFCS)

De ghnáth cuirtear an t-ioncam seo ar Ráiteas Deireadh Bliana (P21) nó ar Mheasúnú Ioncam Cánach.. Mura n-áirítear d'ioncam ón RGFCS, beidh ort ráiteas a fháil ón RGFCS a thaispeánann cé mhéad a fuair tú sa bhliain cánach roimhe sin. Tá an fhoirm seo le fáil ó www.welfare.ie nó ó d'oifig áitiúil RGFCS.

## 4. Pinsinéirí Stáit

Cuir isteach ceann amháin de na rudaí seo a leanas don bhliain cánach roimhe seo:

- Ráiteas íocaíochta ón RGFCS; **nó**
- Duillín pinsin; **nó**
- Ráiteas bainc.

# Teastas Dochtúra

**Ní mór do do Dhochtúir** an mhír seo a chomhlánú má tá tú ag cur isteach ar:

- **Deontas um Oiriúnú Tithe do Dhaoine faoi Mhíchumas; agus/nó**
- **Deontas Áiseanna Soghluaiseachta.**

Má tá tú ag cur isteach ar **Dheontas Cúnaimh Tithíochta do Sheanóirí** (féach lch 6), ní gá duit an mhír seo a chomhlanú. Má tá práinn ag baint le d'iarratas, áfách, de bharr faidbhe sláinte, iarr ar do Dhoctúir an mhír seo a chomhlánú.

## Sonraí an duine atá ag cur isteach ar an deontas

**Freagair gach ceist agus bain úsáid as CEANNLITREACHA le do thoil.**

| | |
|---|---|
| Ainm | |
| Seoladh | |
| Fadbhanna sláinte suffers atá ag an duine | |
| Cineál agus tromchúis an mhíchumais nó na faidbhe soghluaiseachta problem: | |

An úsáideoir lánaimseartha iad de chathaoir rothaí? ☐ **Is iad** ☐ **Ní hiad**

# Teastas Dochtúra (ar lean)

**Chun cabhrú linn cinneadh a dhéanamh maidir le práinn an iarratais, cuir tic ✓ sa bhosca cuí, le do thoil:**

## Tosaíocht 1:

- Níl biseach i ndán don duine **nó** tá sé/sí ag brath go hiomlán ar an gclann nó ar chúramóir; **nó** ☐
- Chuirfeadh oiriúnaithe sa teach ar chumas an duine an t-ospidéal/ cúram cónaithe a fhágáil, nó bheadh laghdú ann ar shealanna san ospidéal amach anseo. ☐

## Tosaíocht 2:

- Tá an duine gluaisteach ach tá cabhair ag teastáil uathu chun teacht ar áiseanna níochána, leithris, seomra leapa srl; **nó** ☐
- Bheadh an duine níos measa as maidir le feidhmiú go neamhspleách **gan** na hoiriúnaithe. ☐

## Tosaíocht 3:

- Tá an duine neamhspleách ach tá gá le háiseanna speisialta chun feabhas a chur ar an gcaighdeán saoil, mar shampla, seomra leapa nó spás cónaithe faoi leith. ☐

## Sonraí an Dochtúra:

Ainm an Dochtúra: ____________________

Seoladh: ____________________

Uimhir ghutháin: ____________________

Sínithe: ____________________ Dáta: ____________________

Stampa an Dochtúra

# Cosaint Sonraí

De réir an dlí, ní mór d'iarratasóirí roinnt sonraí pearsanta a sholáthar san fhoirm seo ionas gur féidir linn ár gcuid oibre a dhéanamh. Caithimid leis an bhfaisnéis agus leis na sonraí pearsanta sin go léir go rúnda. Déanaimid é seo de réir an Rialacháin Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus Reachtaíocht um Chosaint Sonraí.

Chun an t-iarratas seo a phróiseáil, tabhair do d'aire go bhféadfaimis do shonraí pearsanta (faisnéis) a roinnt leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil mar aon le teiripeoirí saothair.

Is féidir leat sonraí ár bPolasaí um Chosaint Sonraí agus Ráitis Phríobháideahcais a léamh ar shuíomh gréasáin d'údarás áitiúil. Míníonn an polasaí conas agus cén fáth a n-úsáidimid sonraí pearsanta, agus sholáthraíonn sé faisnéis faoi do chearta mar ábhar sonraí. Tá an polasaí le fáil freisin i bhformáid páipéir ach é a iarradh ó oifig d'údaráis áitiúil

## Deimhniú

Deimhním go bhfuil an fhaisnéis agus na sonraí atá tugtha agam san iarratas seo fíor agus ceart.

**Síniú an duine atá ag cur isteach ar an deontas:** ____________________

**Dáta:** ____________

**Síniú an duine a chabhraigh leis an bhfoirm seo:** ____________________
(má bhaineann sé le hábhar)

**Dáta:** ____________

Má bhaineann sé le hábhar, tugaim cead don údarás áitiúil an t-iarratas seo a phlé leis an duine a chomhlánaigh an fhoirm ar mo shon.

**Cuir tic má aontaíonn tú leis seo:** ☐ **Sea** ☐ **Ní hea**

# Seicliosta de na rudaí ar chóir a chur isteach leis an bhfoirm seo

Cuirfear **moill** ar d'iarratas má tá sonraí agus doiciméid in easnamh. Cabhróidh an seicliosta seo leat na doiciméid go léir a sheoladh atá riachtanach chun déileáil le d'iarratas.

## Tá sé riachtanach na rudaí seo a chur le gach iarrastas:

☐ **an Fhoirm seo.** Comhlánaithe go hiomlán.

☐ **Fianaise ioncaim** (féach lch16 le haghaidh sonraí).

Cuir cruthúnas ar gach ioncam tuillte ag:

- na daoine go léir atá ina gcónaí sa teach atá 18 mbliana d'aois nó níos sine ach amháin iad siúd atá in oideachas lánaimseartha atá faoi bhun 23 bliana d'aois; **agus**
- úinéir na maoine cláraithe (agus céile, más ann dó) mura bhfuil do theach ar cíos ó thiarna talún, arna sholáthar ag Comhlacht Tithíochta Ceadaithe nó gur teach comhroinnte é.

☐ **Comhlíontacht le Cáin Mhaoine Áitiúil** (lch12 le haghaidh sonraí).

Cuir isteach cruthúnas go bhfuil an teach comhlíontach leis an gCáin Mhaoine Áitiúil.

Má tá an **teach ar cíos,** beidh ort na rudaí seo a fháil ón tiarna talún:

- Fianaise go gcomhlíonann an teach an Cháin Mhaoine Áitiúil; **agus**
- Comhaontú tionóntachta cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB); **agus**
- Litir ina bhfuil cead tugtha an obair a dhéanamh.

Má tá an **teach** faoi únéireacht ag Comhlacht Ceadaithe Tithíochta nó is teach cónaithe comhroinnte, beidh ort na rudaí seo a fháil:

- Fianaise go gcomhlíonann an teach an Cháin Mhaoine Áitiúil; **agus**
- Litir ina bhfuil cead tugtha an obair a dhéanamh.

☐ **Teastas Dochtúra comhlánaithe** (lch17-18 a bhfuil stampa agus síniú do dhochtúra air).

Tá **sé seo riachtanach** chun an dá rud a leanas a fháil:

- **Deontas um Oiriúnú Tithe do Dhaoine faoi Mhíchumas**; **agus/nó**
- **Deontas Áiseanna Soghluaiseachta**.

**Níl an Teastas Dochtúra riachtanach** don **Deontas Cúnaimh Tithíochta do Sheanóirí** mura bhfuil práinn ag baint le d'iarrtas de bharr faidbhe sláinte.

**Teastaíonn cáipéisí breise i roinnt iarratas, agus inseoimid duit faoi seo ar an gcéad leathanach eile.**

# Seicliosta (ar lean)

**Ní mór an tuairisc seo a leanas a chur freisin le hiarratas le haghaidh Deontais um Oiriúnú Tithe do Dhaoine faoi Mhíchumas:**

- [ ] **Tuairisc ó theiripeoir saothair má tá tú ...**

  ... ag cur isteach ar athrú mór ar an úsáid a bhainfear as seomra sa teach, cathaoir staighre a chur isteach nó síneadh a dhéanamh. Mura féidir leat an tuairisc a sholáthar, is féidir leis an údarás áitiúil é sin a shocrú duit.

**Ní mór freisin an tuairisc seo a chur isteach le hiarratas le haghaidh Deontas Áiseanna Soghluaiseachta:**

- [ ] **Tuairisc ó theiripeoir saothair má tá tú ...**

  ... ag cur isteach ar dheontas chun cathaoir staighre a chur isteach. Mura féidir leat an tuairisc a sholáthar, is féidir leis an údarás áitiúil é sin a shocrú duit.

**Le cur isteach freisin san iarratas le haghaidh Deontais Cúnaimh Tithíochta do Sheanóirí:**

- [ ] **Deisiúcháin dín;** Ní mór duit litir a chur leis an iarratas ó do chomhlacht árachais ina bhfuil sé ráite nach gclúdaíonn do pholasaí na deisiúcháin seo.

- [ ] **Uasghrádú ar sreangú leictreach;** Ní mór duit tuairisc a chur leis an iarratas ag cur síos ar na deisiúcháin atá riachtanach. Ní mór don leictreoir seo a bheith cláraithe le Clár Chonraitheoirí Leictreachais na hÉireann.

- [ ] **Córas teasa lárnach;** Más gá uasghrádú á dhéanamh ar ar gcóras teasa atá agat, ní mór duit tuairisc a chur leis an iarratas seo ó chonraitheoir teasa ina bhfuile sé ráite nach féidir an córas teasa reatha a dheisiú 'go heacnamaíoch'. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil sé cost-éifeachtúil é a dheisiú agus gurbh fhearr córas nua a chur isteach.

# Cad a tharlaíonn anois?

## Ca a tharlaíonn nuair a chuirim isteach m'iarratas?

**Déanfaidh d'údarás áitiúil na rudaí seo a leanas:**

1. Seiceálfaidh sé go bhfuil sé iomlán agus déanfar coinne leat chun cuairt a thabhairt ort sa bhaile;
2. Déanfaidh sé socrú chun go dtabharfaidh teicneoir cuairt ar an teach chun a chinntiú gur féidir an obair a dhéanamh, agus go n-oireann sé do riachtanais an duine;
3. Scríobhfaidh sé chugat chun a insint duit ar éirigh le d'iarratas chomh maith le méid an deontais atá le bronnadh;
4. Iarrfaidh sé ort eolas a sheoladh ón gconraitheoir atá chun an obair a dhéanamh, mar shampla: meastachán; **agus** uimhir thagartha cánach chun seiceáil a dhéanamh ar shonraí deimhnithe cánach an chonraitheora;
5. Lorgóidh siad sonraí cuntais bhainc ina n-íocfar an deontas nuair a bheidh an obair críochnaithe.

## Tuilleadh eolais a d'fhéadfadh a bheith riachtanach do d'údarás áitiúil

**D'fhéadfadh d'údarás áitiúl doiciméid bhreise a lorg uait, mar shampla:**

- Litir ó scoil nó ó choláiste a dheimhníonn go bhfuil ball teaghlaigh ag freastal air;
- Cruthúnas ioncaim bhreise;
- Litir a dheimhníonn go bhfuil ceart cónaithe agat sa teach;
- Fianaise go bhfuil cead pleanála ann nó teastas diolúine faoi na nAchtanna Pleanála.

## Deontais os cionn €10,000

Má tá an deontas faofa os cionn €10,000, **beidh ort** deimhniú imréitigh cánach a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim. Is féidir leat cur isteach ar imréiteach cánach trí sheirbhís ar líne na gCoimisinéirí ag www.revenue.ie. Mura bhful rochtain agat ar an idirlíon, cur glaoch ar 1890 306 706 agus iarr orthu "TC1" a chur go dtí do sheoladh.

Ní mór duit an fhoirm iarratais chomhlánaithe le haghaidh imréitigh cánach a chur chuig Seirbhísí Custaiméirí, Rannóg an Ard-Bhailitheora, Sráid Phroinséis, Luimneach, V94 R972.

## Mura n-éiríonn leat leis an deontas, is féidir leat achomharc a dhéanamh

Uaireanta ní éiríonn le hiarratas a chuirtear chuig an údarás áitiúil. Mura n-éiríonn le d'iarratas, is féidir leat scríobh chuig d'údarás áitiúil chun achomharc a dhéanamh. Ní mór duit scríobh **laistigh de thrí seachtaine ón dáta a rinneadh an chéad chinneadh**, agus míniú soiléir a thabhairt ar an fáth a bhfuil achomharc á dhéanamh agat. Ansin déanfaidh oifigeach ón údarás áitiúil nach raibh bainteach leis an gcéad measúnú, déanfaidh sé nó sí measúnú ar an achomharc agus beidh sé nó sí i dteagmháil nuair a bheidh an toradh ann. D'fhéadfadh an achomharc seo suas go sé seachtaine a thógáil.

## Go raibh maith agat as an bhfoirm seo a chomhlánú.

Má tá aon cheist agat, déan teagmháil, le do thoil, le d'údarás áitiúil.